

7 ITHREACHA, GEOLAÍOCHT AGUS HIDRIGEOLAÍOCHT

7.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo ar an tionchar a bheadh ag an bhforbairt a bheartaítear ar ithreacha, ar gheolaíocht agus ar hidrigeolaíocht, mar a leagtar amach i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS). Baineann an fhaisnéis sa chaibidil seo le cur síos ar nádúr geolaíoch agus hidrigeolaíoch Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (CMSA).
- 2 Tá achar os cionn 500 méadar ar an dá thaobh den ailíniú bealaigh a bheartaítear i gceist sa mheasúnú ithreacha, geolaíochta agus hidrigeolaíochta ar an CMSA. Tá an t-ábhar geolaíochta sin le fáil feadh an ailínithe de bharr sil-leagan sprudair thar na milliúin bliain. Tá an t-ábhar geolaíochta atá faoin limistéar staidéir, idir an fho-ithir den mhianra oighreach agus an bhuncharraig, ceilte faoi thalamh. Déantar cur síos ar chineál, ar mhéid agus ar chastacht an ábhair gheolaíochta, ón dromchla síos tríd an bhfo-ithir mhianra go dtí an bhuncharraig.
- 3 Déantar breithniú ar an tionchar féideartha ar na tosca ithreach, geolaíochta agus screamhuisce atá ann cheana maidir le céim na tógála, leis an gcéim oibríoch agus le céim an díchoimisiúnaithe den fhorbairt a bheartaítear. Déantar cur síos ar na bearta maolaithe a bheidh ina gcuid den fhorbairt a bheartaítear, déantar aon tionchar iarmharach ar an gcomhshaol a shainaithint agus déantar suntasacht an tionchair sin a mheas.
- 4 Déantar cur síos i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dheardh na líne lasnairde (OHL) agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS na príomhoibreacha tógála a bheartaítear mar chuid den fhorbairt agus cuirtear san áireamh iad sa Phlean imlíneach um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) (feic Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS seo).

7.2 MODHEOLAÍOCHT

- 5 Réitíodh an chaibidil seo agus úsáid á baint as na moltaí a leagtar amach in *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). Cuireadh san áireamh chomh maith na treoirlínte agus na moltaí i bhfoilseachán Institiúid Geolaithe na hÉireann (IGI), *Geology in Environmental Impact Statements – A Guide (Geolaíocht i Ráitis Tionchair Timpeallachta – Treoir)* (IGI 2002) agus *Guidelines for the Preparation of Soils, Geology and Hydrogeology Chapters of Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis na Caibidlí ar Ithreacha, Gheolaíocht agus*

Hidrigeolaíocht i Ráitis Tionchair Timpeallachta a Ullmhú (IGI 2013) agus an chaibidil seo á réiteach.

- 6 Tá an fhaisnéis sa chaibidil seo roinnte i bhforannáin, chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe áirithe a bhaineann le hithir, le geolaíocht agus le hidrigeolaíocht. Agus an chaibidil seo á réiteach, rinneadh comhordú agus measúnú ar an bhfaisnéis ábhartha. Déantar mionsonrú breise ar na foinsí faisnéise sa chaibidil seo.
- 7 Is iad príomhchuspóirí na caibidil seo sainaithe a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:
- Tosca geolaíochta agus screamhuisce a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar inmharthanacht theicniúil na forbartha a bheartaítear;
 - Tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt a bheartaítear ar ithreacha, ar gheolaíocht, ar oidhreacht gheolaíochta screamhuisce agus ar thalamh éillithe feadh an bhealaigh a bheartaítear agus sa limistéar in aice láimhe, lena n-áirítear an cás is measa;
 - Srianta a d'fhéadfadh na gnéithe sin a leagan ar an bhforbairt a bheartaítear;
 - Bearta maolaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun aon drochthionchar a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear a íoslaghdú; agus
 - Measúnú ar shuntasacht aon tionchair iarmharaigh.
- 8 Meastar go sásaíonn an fhaisnéis sa chaibidil seo na riachtanais sonraí a moladh in *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Márta 2002).
- 9 Is liosta atá anseo a leanas de na tagairtí geolaíochta agus na sonraí foilsithe a úsáideadh sa chaibidil seo:
- An Foras Talúntais (1980). *General Soil Map of Ireland (Léarscáil Ghinearálta Ithreach na hÉireann)*;
 - An EPA agus (GSI) (2009). *Historic Mine Sites – Inventory and Risk Classification (Suíomhanna Stairiúla Mianaigh – Fardal agus Rangú Rioscaí)*;
 - GSI (1997), *Scála 1:100,000, Bileog 8 – Bedrock Geological Map of the Carboniferous of Monaghan-Carlingford (Léarscáil Gheolaíoch ar Bhuncharraig Charbónmhar Mhuineacháin-Chairlinn)*;

- GSI (2001), *Scála 1:100,000, Bileog 13 – Bedrock Geological Map of County Meath (Léarscáil Gheolaíoch Bhuncharraige de Chontae na Mí)*;
 - Léarscáileanna Stairiúla Geolaíoch, 6 horlaí: 1 mhíle;
 - Léarscáileanna Stairiúla 6" agus 25" ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann;
 - Meehan, R.T., Warren W.P. agus Gallagher, C.J.D. (1997). *The sedimentology of a late Pleistocene drumlin near Kingscourt, Ireland (Dríodareolaíocht dhroimnín na tréimhse Pléisticeíní déanaí láimh le Dún an Rí, Éire)*;
 - Meehan, R.T. (1999). *Directions of ice flow during the last glaciation in counties Meath, Westmeath and Cavan, Ireland (Treonna an tsreafa oighir le linn an oighriúcháin deiridh i gContae na Mí, i gContae na hIarmhí agus i gContae an Chabháin, Éire)*. GSI, Baile Átha Cliath;
 - Morris, J. (1984). *The Metallic Mineral Deposits of the Lower Palaeozoic Longford-Down Inlier, in the Republic of Ireland*. GSI, Baile Átha Cliath;
 - Morris, J.H., Steed, G.M. agus Wilbur, D.G., (1986). *The Lisglassan-Tullybuck deposit, County Monaghan*. GSI, Baile Átha Cliath;
 - Léarscáileanna ar scála 1:50,000 ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, Bileoga 28B, 35, 42, agus 43; agus
 - Rudland, D.J., Lancefield, R.M. agus Mayell, P.N. (2011). *Contaminated Land Risk Assessment, A Guide to Good Practice*. CIRIA C552 Londain.
- 10 Rinneadh tagairt do roinnt mhaith tacar sonraí ar líne maidir leis an ithir, fo-ithir agus geolaíocht sa CMSA, lena n-áirítear sonraí ón GSI, ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (DCENR) agus ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Chuathas i gcomhairliúchán le heagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla lena n-áirítear sonraí maidir le comhairliúchán leis an GSI (feic Caibidil 3, **Imleabhar 3B** den EIS chun sonraí a fháil maidir le comhairliúchán scóipe agus reachtúil).
- 11 Measadh gur bhain na saincheisteanna seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord Pleanála (an Bord) (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS):
- Measúnú ar chreimeadh ithreach féideartha, go háirithe mar a dtéann sé i bhfeidhm ar ghnáthóga tosaíochta, ar limistéir shainithe chaomhantais, agus cóngarach do dhobharlaigh dhromchla; agus

- Ráiteas modh tógála a chur isteach, lena saináithnítear limistéir lena ngabhann íogaireacht ar leith a dteastaíonn sainbhearta maolaithe tógála uathu, lena n-áirítear limistéir mhóna.
- 12 Tugadh cuairteanna ar an CMSA i mí Feabhra 2009, i mí Iúil 2009, i mí Aibreáin 2011, agus idir mí an Mheithimh 2013 agus mí Mheán Fómhair 2013. Rinneadh réamhshuirbhéanna ar an suíomh agus suirbhéanna imscrúdú suímh sa chás gur thug an t-úinéir talún cead rochtana. In obair allamuigh, díriodh ar fhíorú a dhéanamh ar chruinneas na mbunachar sonraí náisiúnta. Taifeadh sonraí suíomhoiriúnaithe agus áiríodh leo cineálacha fo-ithreach, táscairí fásra, fuaráin, sonraí draenála agus rochtain ghinearálta feithiclí ar ithreacha a thaifeadh. Sa chás gur tugadh cead rochtana ar láithreacha túir a bheartaítear, taifeadh sil-leagain fo-ithreach agus nithe nochta / codanna roghnaithe de réir an *Code of Practice for Site Investigations (Cód Cleachtais maidir le hImscrúduithe Suímh)* (BS 5930:1999) ón British Standard Institute.
- 13 Cé go bhfuil gach tionscadal agus forbairt a bhfuil Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) ag teastáil ina leith de scála nó de chineál go bhféadfadh siad tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol, maidir le líne tharchuir, agus úsáid bealaí rochtana sealadacha agus limistéir sreangaithe, meastar go mbeidh an tionchar ar ithreacha, ar gheolaíocht agus ar an gcomhshaol hidrigeolaíoch beag i gcomparáid le tionscadail líneacha eile, ar nós forbairtí bóthair nó píblíne.
- 14 Sa chaibidil seo, déantar measúnú ar an tionchar féideartha ar an gcomhshaol geolaíochta a d'éireodh as an bhforbairt a bheartaítear agus cuirtear bearta maolaithe chun tosaigh chun aon tionchar suntasach a laghdú. Réamh-mheastar suntasacht an tionchair thuartha ar an gcomhshaol geolaíochta bunaithe ar na bearta maolaithe a mholtar.
- 15 Leagtar amach na critéir le déine an tionchair a mheas i **dTábla 7.1**. Is ionann an téarmaíocht a úsáidtear i gcomhair suntasacht agus fad ama tionchair agus an téarmaíocht a leagadh amach i gcáipéis an EPA, *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002). Braitheann méid tionchair ar bith ar scála dóchúil an athraithe a thuarar ar dhálaí bonnlíne de thoradh an tionchair a thuarar agus cuirtear fad ama an tionchair san áireamh, i.e. sealadach nó buan. Tugtar sainmhínithe ar mhéid aon tionchair i **dTábla 7.1** chomh maith.

Tábla 7.1: Sainmhínithe ar Mhéid an Tionchair

| Méid | Critéir |
|----------------|--|
| An-Mhór | Tionchar a mhúchann saintréithe íogaire na hithreach nó an chomhshaoil gheolaíochta. |
| Mór | Athrú bunúsach ar thosca na talún, ar cháilíocht an screamhuisce nó ar an tsreabhréisim. |

| Méid | Critéir |
|----------------------|---|
| Measartha | Athrú ar thosca na talún, ar cháilíocht an screamhuisce nó ar an tsreabhréisim a d'fhéadfaí a thomhas. |
| Beag | Athrú beag ar thosca na talún, ar cháilíocht an screamhuisce nó ar an tsreabhréisim. |
| Diomaibhseach | Gan aon tionchar ar thosca na talún, ar cháilíocht an screamhuisce nó ar shreabhadh a d'fhéadfaí a thomhas. |

(Foinsé: *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireann i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

16 D'fhéadfadh tionchar a bheith diúltach, neodrach nó dearfach sna cásanna seo a leanas:

- Tionchar dearfach – athrú a chuireann cáilíocht an chomhshaoil chun feabhais;
- Tionchar neodrach – athrú nach ndéanann difear do cháilíocht an chomhshaoil; agus
- Tionchar diúltach – athrú a íslíonn cáilíocht an chomhshaoil.

17 Is ionann an téarmaíocht a úsáidtear i gcomhair fad ama tionchair agus an téarmaíocht a mhínítear in *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireann i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar seo a leanas:

- Tionchar Sealadach – tionchar a mhaireann bliain amháin nó níos lú;
- Tionchar Gearrthéarmach – tionchar a mhaireann idir bliain amháin agus seacht mbliana;
- Tionchar Meántéarmach – tionchar a mhaireann idir seacht mbliana agus cúig bliana déag;
- Tionchar Fadtéarmach – tionchar a mhaireann idir cúig bliana déag agus seasca bliain; agus
- Tionchar Buan – tionchar a mhaireann níos mó ná seasca bliain.

18 Baineadh úsáid as cur chuige cáilíochtúil sa mheasúnú seo, tríd an rangú suntasachta i d**Tábla 7.2** a leanúint go ginearálta agus trí bhreithiúnas gairmiúil. Tá an tsuntasacht a bhaineann le tionchar tuartha bunaithe ar mheascán d'íogaireacht nó de thábhacht na tréithe agus de mhéid tuartha aon tionchair áirithe. Sonraítear na cineálacha tionchair mar thionchar tairbhiúil, drochthionchar nó tionchar diomaibhseach, tionchar sealadach nó tionchar buan agus, ó thaobh suntasachta de, sonraítear na cineálacha tionchair mar thionchar mór, tionchar measartha, tionchar beag nó tionchar nach bhfuil suntasach (diomaibhseach).

Tábla 7.2: Critéir Mheasúnaithe

| Íogaireacht | Méid | | | | |
|---------------|-----------|-----------|---------------|---------------|---------------|
| | An-Mhór | Mór | Meánach | Beag | Diomaibhseach |
| Mór | Mór | Mór | Measartha | Measartha | Beag |
| Meánach | Mór | Measartha | Measartha | Beag | Diomaibhseach |
| Íseal | Measartha | Measartha | Beag | Diomaibhseach | Diomaibhseach |
| Diomaibhseach | Beag | Beag | Diomaibhseach | Diomaibhseach | Diomaibhseach |

19 Le go n-aithneofaí tionchar féideartha, caithfidh trí thoisic a bheith ann. Seo a leanas iad: foinse nó tionchar féideartha, gabhdóir a bhféadfaí difear diúltach a dhéanamh dó, agus conair nó nasc a ligeann don foinse dul i bhfeidhm ar an gabhdóir. Ní shonrófar tionchar mura mbíonn na trí thoisic ann ag aon am amháin.

7.2.1 Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartas

20 Rinneadh measúnú ar an bhforbairt a bheartaítear i ndáil leis an reachtaíocht iomchuí Eorpach agus Náisiúnta agus le beartais reachtúla agus treoir reachtúil eile. Cuireadh an reachtaíocht a leanas san áireamh mar chuid den mheasúnacht tionchair chomhdhlúite seo:

- *Treoir Chomhdhlúite an EIA 2011/92/AE;*
- *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce) 2003 [I.R. Uimh. 722 de 2003];*
- *Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996-2014;*
- *Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Cuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce), 2010; [I.R. Uimh. 9 de [2010]; agus*
- *European Communities (Environmental Impact Assessment) (Amendment) Regulations [Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Leasú)], 2001 [I.R. Uimh. 538/2001].*

7.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

21 Sonraítear an príomhthionchar féideartha ar na hithreacha, ar an ngeolaíocht agus ar an hidrigeolaíocht sa CMSA tráth chéim na tógála. Cuirtear sonraí faoin tionchar féideartha san áireamh i Rannán 7.5. Tríd is tríd, réamh-mheastar go mairfidh an clár tógála thart ar thrí bliana. Is éard atá san fhorbairt a bheartaítear tógáil na dtúr mar aon le suíomhanna aonair a mbeidh thart ar 340 m eatarthu. Go ginearálta, féadfar céimeanna na tógála a bhriseadh síos mar seo a leanas: an suíomh a réiteach (lena n-áirítear mataí rubair sealadacha nó painéil bóthair alúmanaim shealadacha a leagan, claíoch a bhaint agus claíoch sealadacha a chur

suas nuair is gá), an clós stórála le haghaidh ábhar tógála a bhunú agus a oibriú, na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann le mionathruithe ar línte tarchuir lasnairde 110 kV atá ann cheana, bunsraitheanna túir a shuiteáil, túr a chur in airde, cuailí cosanta, teascadh crann, seoltóirí a shreangú, coimisiúnú na líne agus talamh a athchóiriú.

7.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

7.4.1 Topagrafaíocht agus Geomoirfeolaíocht

22 Feic Fíor 7.1 – Fíor 7.4, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS. Athraíonn topagrafaíocht an ailínithe ó thimpeall:

- 150 m agus 180 m Os Cionn Tagra Ordanáis (AOD) sa chuid thuaidh (Túr 103 – Túr 153);
- 180 m agus 205 m AOD sa cheantar láir (Túr 154 – Túr 169); agus
- 100 m go 180 m AOD sa chuid theas (Túr 170 – Túr 236).

23 Cruthaíodh an mhoirfeolaíocht go príomha le linn an timthrialla oighrigh deiridh (Lár na Tíre), agus athraíodh í ina dhiaidh sin ar fud na tréimhse HOLAICÉINÍ IAR-OIGHRÍ. Sil-leagadh formhór an dríodair Cheathartha sa CMSA le linn an oighriúcháin, go díreach ó na hoighearchlúideacha ollmhóra.

24 Is iad droimní agus moiréin iomaireacha (Rogen) atá i gceist le geomoirfeolaíocht an CMSA den chuid is mó. Gabhann foirmeacha éagsúla le droimní, an chuid is mó díobh fadaithe i dtreo an tsreafa oighir. Tá círiní géara ag roinnt droimní, agus is cuarach atá roinnt eile ó thaobh próifíle de. De ghnáth, is géire fogha¹⁹ na ndroimní sin ná taobh an fhoscaidh mar thoradh ar an oighear cúlaitheach. Cé go bhfuil an chuid is mó de dhroimní comhdhéanta de thill oighreach nó de thillí oighreacha, tá croileacán carraige ag roinnt díobh. Is droimní ábhar drochshórtáilte/neamhshórtáilte²⁰ iad formhór na ndroimní ar an mbealach agus is ann do dhroimní ag a bhfuil croileacán carraige in áiteanna ó dheas ó Thúr 200.

25 Foluíonn ‘moiréin easnacha’ Rogen na droimní agus tá siad ailínithe trasnach le sreabhthreo an oighir. Rinneadh roinnt de na dromanna a shruthlíniú agus a fhorchló le forbairt droimní ina dhiaidh sin, agus d’fhan roinnt eile gan aon tionchar orthu.

¹⁹ Fogha – an taobh den chnoc os comhair an oighir as ar bhog oighearchlúid leatach.

²⁰ Is éard atá anseo ná ábhar drochshórtáilte/neamhshórtáilte i.e. cré bholláin nó till.

26 Tá lochanna, cláraigh ghláracha, sil-leagain locha agus ithreacha móinteacha le sonrú sna loig idir droimníní agus tá siad ar na pointí is ísle den tírdhreach.

7.4.2 Ithreacha

27 Athraíonn an CMSA i dtéarmaí a ithreach, a fho-ithreach agus a gheolaíochta buncharraige. Tá raon ithreacha sa CMSA idir bailte fearainn Clonturkan agus na Léime Giorra.

28 Is iad seo a leanas na príomhghrúpaí ithreach:

- AminPD – ithir mhianrach dhomhain le drochdhraenáil, díorthaithe den chuid is mó ó mháthairábhair neamhchailcreacha. Áirítear gléirigh uisce dromchla agus gléirigh screamhuisce sa chatagóir sin;
- AminDW – ithir mhianrach dhomhain le draenáil mhaith, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair neamhchailcreacha. Áireofar ithreacha donna aigéadacha agus ithreacha podsalacha donna sa chatagóir sin; agus
- AminSW – ithir mhianrach éadomhain le draenáil mhaith, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair neamhchailcreacha. Áirítear liteasail agus reigeasail sa chatagóir sin.

29 Tá na grúpaí ithreach seo a leanas ar fáil, ach níl siad chomh fairsing agus ní fhaightear ach i bhfoirmíochtaí beaga iad:

- AminPDPT – ithreacha mianracha le drochdhraenáil le barrithir mhóinteach, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair neamhchailcreacha. Áirítear gléirigh mhóinteacha sa chatagóir sin;
- AminSP – ithir mhianrach éadomhain le drochdhraenáil, díorthaithe go príomha ó mháthairábhair neamhchailcreacha. Áirítear gléirigh uisce dromchla agus screamhuisce sa chatagóir sin;
- AlluvMIN – glárach neamhdhifreáilte; agus
- Sil-leagain leaice – Locha (neamhdhifreáilte).

30 Feictear ithreacha gláracha feadh chúrsa na bpríomhghnéithe den uisce dromchla sa CMSA. Go háirithe, tá ithreacha gláracha le feiceáil feadh Abhainn an Droma Mhóir agus a craobh-aibhneacha. Tá móin réitithe (Cut) le feiceáil go soiléir sa CMSA. Tá limistéir bheaga de mhóin réitithe le sonrú ar fud an CMSA agus freagraíonn siad do loig idir droimníní.

7.4.3 Geolaíocht

7.4.3.1 Geolaíocht Cheathartha

- 31 Is ó thart ar 1.5 milliún bliain ó shin go dtí an lá atá inniu ann atá an tréimhse gheolaíoch Cheathartha agus is féidir í a fho-roinnt isteach in dhá shealad: an Sealad Pléisticéineach, a chlúdaíonn tréimhse na hoighearaoise go dtí 10,000 bliain ó shin, agus an Sealad Holoicéineach, a shíneann ó 10,000 bliain ó shin go dtí an lá inniu. Feic Fíor 7.1 – Fíor 7.4, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS.
- 32 Thosaigh an Sealad Pléisticéineach in Éirinn nuair a tháinig fuarú mór ar aeráid an Domhain. Ba é ba shainghné dó ná tréimhsí fada malartacha de dhálaí an-fhuar a raibh an chuid ba mhó den tír clúdaithe ag oighearchlúid lena linn. Cruthaíodh an oighearchlúid in Éirinn le roinnt cruinneacháin oighir a bhí ag comhtháthú as ar shreabh an t-oighear amach i bpatrún gathach. De réir mar a thaistil an t-oighear thar an talamh, chreim sé an bhuncharraig faoi, rud as ar tháinig an fhoirmíocht dríodair faoi bhun na hoghearchlúide agus laistigh di. Bhí an-éagsúlacht i ndáileadh méid cáithnín an dríodair, ó cháithníní cré go bolláin mhóra. Tugtar till oighreach nó cré bholláin ar an ábhar sin agus tá sé ar an gcineál ithreach is forleithne in Éirinn. Más oiriúnach a bhí na dálaí, sil-leagadh dríodar freisin mar bhannaí leithleacha gainimh, gairbhéil, siolta agus cré. Is féidir le till oighreach bheith éagsúil ó thaobh tiúis de, ó níos lú ná 1 m ar tiús go dtí na deiceanna méadar ar doimhneacht.
- 33 Bhí an CMSA oighrithe dhá uair ar a laghad ach tháinig formhór na sil-leagan atá i láthair sa lá atá inniu ann as an oighriú deireanach, a bhí ag a phointe is déine thart ar 24,000 bliain ó shin. Sil-leagadh formhór an dríodair Cheathartha le linn na hOighearaoise féin, go díreach leis na hoighearchlúideacha ollmhóra nó leis an leá-uisce a lean na hoighearchlúideacha. Bhog oighearchlúideacha sa limistéar staidéir ón iarthuaisceart i dtreo an oirdheiscirt.
- 34 Is é till a thagann ó fhoirmíochtaí éagsúla carraige an príomhábhar a fhaightear feadh an ailínithe. Is dríodar neamhscagtha é till díorthaithe ó iompar agus ó shil-leagan oighearshrutha. Tá till oighreach comhdhéanta de mheascán ilchineálach cré, gainimh, gairbhéil agus bollán. Maidir le léarscáiliú ar líne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (<http://maps.epa.ie/>), is tillí atá díorthaithe as sceallaí / gaineamhchloch na ré Pailéasóiche Íochtair (TLPSsS) atá sna fo-ithreacha go príomha freisin. Léirítear limistéir lomáin / fo-lomáin feadh an ailínithe mar bhuncharraig ag an dromchla, mar a thaispeántar ar Fhíor 7.1 - Fíor 7.4, **Fíoracha Imleabhar 3C** san EIS.
- 35 Tá na grúpaí fo-ithreacha seo ar fáil feadh an ailínithe ach níl siad chomh fairsing:
- A – Glárach neamhdhifreáilte;

- Rck – Buncharraig ag an dromchla nó in aice leis; agus
- CUT – Móin Réitithe.

36 Déantar achoimre ar na láithreacha túir a bheartaítear i ngach grúpa fo-ithreach a leagan amach thíos i d**Tábla 7.3** agus tá siad le feiceáil i bhFíor 7.1 - Fíor 7.4, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS.

Tábla 7.3: Rangú Fo-ithreacha ag Láithreacha Túir

| Grúpa Fo-ithreach ²¹ | Líon na dTúr sa chatagóir fo-ithreach | % na dTúr sa chatagóir fo-ithreach |
|--|---------------------------------------|------------------------------------|
| Glár (Neamhdhifreáilte) | 2 | 1.49% |
| Buncharraig ag an dromchla nó in aice leis | 24 | 17.91% |
| Móin Réitithe | 7 | 5.22% |
| Till | 101 | 75.37% |
| IOMLÁN | 134 | 100% |

7.4.3.2 Geolaíocht na Buncharraige

37 Feic Fíor 7.5 – Fíor 7.8, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS. Léirítear i dtagairt don fhaisnéis chuí gheolaíochta atá ar fáil in *Geology Map of Monaghan – Carlingford (Léarscáil Gheolaíoch Bhuncharraige de Mhuineachán – Chairlinn)* (GSI, 1997) agus in *Bedrock Geological Map of County Meath (Léarscáil Gheolaíoch Bhuncharraige de Chontae na Mí)* (GSI, 2001), gurb ilchineálach atá geolaíocht na buncharraige feadh an ailínithe.

²¹Bunaithe ar Shonraí GSI www.gsi.ie.

- 38 Léirítear i dtagairt don léarscáil gheolaíoch fhoilsithe don limistéar sin lena n-áirítear an léarscáil de scála 1:100,000, *Sheet No. 13 - Bedrock Geological Map of County Meath* (*Leathanach Uimh. 13 - Léarscáil Gheolaíoch Bhuncharraige de Chontae na Mí*) (GSI, 2001) go bhfuil an limistéar sin in aice shil-leagain na ré Ordaivísí-Siolúraí (idir 510 milliún bliain agus 410 milliún bliain ó shin) atá lonnaithe idir bailte fearainn na Léime Giorra agus Clonturkan (Túr 103 – Túr 236).
- 39 Tá carraigeacha (Ordaiviseach-Siolúrach) na ré Pailéasóiche Íochtair ina gcuid de stráice carraigeacha a shíneann ó chósta Chontae an Dúin go Contae an Longfoirt agus tugtar ‘lonluiteach an Longfoirt-an Dúin’ orthu. Is éard atá sna carraigeacha sin ná sraith gaineamhchloch, sioltachloch agus sceallaí i dteannta méideanna beaga de thufanna bolcánacha agus de laibhe. Tá carraigeacha lonluiteach an Longfoirt-an Dúin dífhoirmithe ina bhfillteacha comhchlaonasacha dochta mar aon leis an scoilteacht láidir, na sá-éisc agus na criosanna fiara lena mbaineann.
- 40 Tá na carraigeacha Ordaiviseacha / Siolúracha mar chuid den ‘Chrios Láir’ a chuimsíonn gréabhaca agus láibchloch a théann siar go dtí tréimhsí éagsúla idir an tréimhse Ordaiviseach (Llanvirn) agus an tréimhse Shiolúrach (Llandoverly). Tá dingeáin dolairíte bholcánacha agus ionsáiteacha le sonrú laistigh de na sil-leagain Ordaiviseacha / Shiolúracha. Tá na dingeáin dolairíte treoshuite siar ó thuaidh agus soir ó dheas ar fud an CMSA.
- 41 Tá na nithe seo a leanas i measc na bhfoirmíochtaí geolaíocha éagsúla a chomhdhéanann an CMSA:
- Cuimsíonn Foirmíocht Shliabh gCleath (Túr 103-Túr 104) sioltachloch slise liath / dhúliath, láibchloch, agus turbaidít chaol-chisealaithe mar aon le gréabhaca ag a bhfuil ciseal níos tibhe agus cisil mheitibheintínite bhánliatha in áiteanna.
 - Cuimsíonn Foirmíocht Loch an Mheitheáin (Túr 105-Túr 154 agus Túr 157) gréabhaca ina bhfuil grianchloch liath chomhleanúnach atá idir mínghráinneach agus garbhghráinneach agus ina bhfuil turbaidít shaibhir bhruthach atá idirmheánach agus grianchloch-fheilseach, chomh maith le micrea-chomhcheirtleán agus cisil chónasctha.
 - Cuimsíonn Ball Mhullach na nAllt (Túr 155 – Túr 156) d’Fhoirmíocht Loch an Mheitheáin sioltachloch an-mhínlannach liath, sioltachloch-láibchloch agus sioltachloch neamhlannach mar aon le gréabhaca mínghráinneach measctha níos tibhe atá idir donnliath agus bánliath.
 - Cuimsíonn Foirmíocht Eochaille (Túr 158-Túr 162) gréabhaca comhleanúnach glas / liathghlas, micrea-chomhcheirtleán agus cisil chónasctha, chomh maith le gréabhaca

íochtaránach turbaidíte agus sceall / láibhloch áitiúil in-éasctha phiríteach, agus atá graptailíteach in áiteanna, ar a bhfuil dath dúliath agus dubh.

- Cuimsíonn Foirmíocht Shearcóige (Túr 163-Túr 193) turbaidít agus gaineamhchloch chomhleanúnach atá idir liath agus glasliath, grianchloch-fheilseach, bruthach, saibhir ó thaobh míoca bán de, idir mínghráinneach agus garbhghráinneach agus ag a bhfuil ciseal meántiubh.
- Cuimsíonn Foirmíocht an Láithrigh (Túr 194-Túr 195) sceall/láibhloch/slinn phiríteach agus ghraptailíteach atá buíghlas, idir bánliath agus dúliath agus dubh, mar aon le láibhloch seirte / shilicithe atá idir dúliath agus dubh;
- Cuimsíonn Foirmíocht Shliabh na Táchairte (Túr 196-Túr 198 agus Túr 221-Túr 229) gréabhaca turbaidíte idir bánliath agus dúliath atá saibhir ó thaobh grianchlocha agus míoca de, chomh maith le gaineamhchloch chomhleanúnach agus cisil chonásctha. Is neamh-iontaiseach atá an fhoirmíocht.
- Cuimsíonn Foirmíocht Chaisleán Raithin (Túr 199 - Túr 220 agus Túr 230 - Túr 236) grianchloch-ghréabhaca comhleanúnach atá idir dúliath agus dubh, mar aon le micrea-chomhcheirtleáin.

42 Rinneadh cineál gabró (cineál carraige) ag a bhfuil gráinní níos mine a ionsá mar leatháin chaola (dingeáin agus sail), a bhaineann le lárionad ionsáite Shliabh gCuillinn. Ní shainnítear go bhfoluionn limistéir ina bhfuil dolairít na láithreacha túir ach d'fhéadfadh nach ndearnadh iad a léarscáiliú agus d'fhéadfaí teacht orthu le linn oibreacha suímh.

43 Tá dáileadh na n-aonad geolaíoch, feadh an ailínithe, bunaithe ar fhaisnéis a foilsíodh ón GSI. Léirítear iad i bhFíoracha 7.5 – 7.8, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS. Pléitear comhábhair agus saintréithe na n-aonad éagsúil carraige anseo.

7.4.3.3 Gnéithe Carstacha

44 Chuathas i gcomhairle leis an mbunachar sonraí Carst i seilbh an GSI. Tá taifid ar láithreacha agus ar chineálacha na ngnéithe carstacha a tuairiscíodh sa bhunachar sonraí sin. Níl aon ghnéithe carstacha atá taifeadta i mbunachar sonraí an GSI laistigh de 1 km ón ailíniú bealaigh a bheartaítear. Ní dhéantar aolchlocha glana a léarscáiliú feadh an línebhealaigh.

7.4.3.4 Doimhneacht go dtí an Bhuncharraig

45 Tá lomán carraige nó carraig atá gar don dromchla le sonrú i roinnt limistéar (17% de thúir) ó thuaidh ó Bhaile na Lorgan agus soir ó thuaidh ó Shearcóg. Tá sil-leagain cheathartha níos doimhne ar chúlghánaí agus chíríní na ndroimníní. Fuarthas faisnéis bhreise ó bhunachar

sonraí um thobreacha an GSI a chuirtear san áireamh in **Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3C** den EIS.

7.4.4 Hidrigeolaíocht

- 46 Baineann measúnú ar an gcomhshaol screamhuisce le huisce atá faoi dhromchla na talún, sa chomhshaol ithreach agus buncharraige. Tá an-éagsúlacht sna hitreacha agus sa bhuncharraig feadh an CMSA ó thaobh a saintréithe hidrigeolaíocha de. De ghnáth, baineann tréscailteacht íseal le gréabhacaí Ordaiviseacha agus le sceallaí faoi bhun an taoibh thuaidh de bhealach na líne lasnairde. Tá easpa screamhuisce iontu seachas ag doimhneacht éadomhain san idirchrios / sa bhuncharraig shíonchaite uachtair. Baineann tréscailteacht mheasartha leis na máthairbhair ghláracha agus ghainimh agus ghairbhéil atá le feiceáil feadh codanna den CMSA. De ghnáth, baineann tréscailteacht íseal le créanna oighreacha, cé go bhféadfadh siad bheith measctha go háitiúil le sil-leagain ghráinneacha atá níos tréscailtí.
- 47 Foluíonn gréabhaca, sceall, gaineamhchloch agus láibchloch ón ré Ordaiviseach agus ón ré Shiolúrach an CMSA. Baineann tréscailteacht íseal leis na strataim sin i gcoitinne agus tá tábhacht dhiomaibhseach leo maidir le soláthairtí screamhuisce. Tá screamhuisce i láthair sna sraitheanna sin ach is dóchúil nach bhfuil ach méid beag i gceist agus, de ghnáth, bíonn screamhuisce teoranta do bhristeacha agus do chrios síonchaite uachtair na sraitheanna. Níl aon tollphoill soláthair uisce phoiblí atá ann cheana gar don fhorbairt a bheartaítear. Fuarthas faisnéis bhreise ó bhunachar sonraí um thobreacha an GSI a chuirtear san áireamh in **Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3C** den EIS.

7.4.4.1 Rangú Uiscíoch

- 48 Rangaítear Meitidhríodair agus Bolcánaigh Shiolúracha feadh an línebhealaigh idir bailte fearainn Clonturkan agus na Léime Giorra mar Dhrochuiscígh (PI) – neamhtháirgiúil seachas i gcás criosanna áitiúla agus Drochuiscíoch (Pu). Tugtar achoimre ar an rangú uiscíoch i dTábla 7.4. Feic Fíor 7.9 - Fíor 7.12, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS chun léarscáileanna uiscíoch a fháil.
- 49 Is tábhachtach an fheidhm atá ag na dríodair Cheathartha i dtaca le córas srutha screamhuisce an cheantair. Tá tréscailteacht na dtillí oighreacha, atá suite feadh an ailínithe, athraitheach ach tá tréscailteacht íseal ag an gcuid is mó díobh.

7.4.4.2 Sreabhthreo Screamhuisce

- 50 Bheadh coinne leis, i dtéarmaí ginearálta, go leanfadh grádán an screamhuisce an t-athraitheach topagrafach i gceantar faoi leith. Braitheann conairí agus fad srutha ar shaintréithe chineál an uiscígh. Sníonn an chuid is mó den screamhuisce ar na 10 m

uachtaracha de bhuncharraig shíonchaite agus snífidh sé sin isteach sa sruthchúrsa is cóngaraí. Tugann measúnú ar chomhrianta topagrafacha a bhí léirithe ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis den scála 1:50,000 Discovery Series don cheantar le tuiscint gurb é is dóichí go mbeidh an príomh-shreabhthreo screamhuisce sa CMSA faoi dhéin na sruthán áitiúil.

7.4.4.3 Úsáid Uisce

- 51 Is iad Comhairle Contae Mhuineacháin na bunsoláthróirí uisce laistigh den CMSA óna n-astarraingtí uisce dromchla ag Loch an Bhábhúin, Loch Namachree, Loch Ghréach Luain, Loch Tuama agus Loch Mucnú. Ní ann do sholáthairtí uisce phoiblí ar bith taobh istigh de 200 m ón línebhealach a bheartaítear.
- 52 Baineann roinnt úinéirí talún leas as toibreacha príobháideacha feadh an ailínithe. Léirítear trí chuardach a rinneadh ar bhunachar sonraí toibreacha an GSI gurb ann do líon toibreacha sa cheantar as a mbaintear leas éagsúil príobháideach agus talmhaíochta. Taifead ar thoibreacha arna ndrúileáil a tuairiscíodh in Éirinn is ea Bunachar Sonraí Toibreacha an GSI. Feic **Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3C** den EIS.

Tábla 7.4: Sainmhínte ar Uiscígh

| Cód an Uiscígh ²² | Cur Síos ar an Uiscíoch | % na dTúr atá suite laistigh de chineál Uiscígh |
|------------------------------|---|---|
| PI | Buncharraig Drochuiscígh atá Neamhtháirgiúil den chuid is mó seachas i gcás criosanna áitiúla | 100% |

- 53 Taifead ar thoibreacha arna ndrúileáil in Éirinn is ea Cárta-Innéacs Toibreacha an GSI. Léirítear san innéacs sin an líon toibreacha i gcóngaracht na forbartha a bheartaítear. Cé gur féidir roinnt mhaith faisnéis úsáideach a fháil ón innéacs sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé uileghabhálach, mar go n-éilíonn sé ar dhuileálaithe aonair sonraí faoi thoibreacha i ngach limistéar a chur isteach.
- 54 Léirítear sa chárta toibreacha minicíocht na dtoibreacha taifeadta laistigh den CMSA agus faisnéis faoin doimhneacht go dtí an bhuncharraig agus, dá bhrí sin, sonraítear ann doimhneacht na scráithe uachtair le haghaidh gach tobair. Feic **Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3C** den EIS le haghaidh láithreacha.

²²Bunaithe ar Shonraí GSI www.gsi.ie.

55 Léirítear i sonraí an chárta toibreacha gurb ann do líon mór toibreacha sa CMSA as a mbaintear leas éagsúil baile agus talmhaíochta. Léirítear ann gur idir 0.2 m agus 121.9 m Faoi Leibhéal na Talún (BGL) de ghnáth atá na toibreacha a taifeadadh sa CMSA. Tá éagsúlacht sa táirgeacht screamhuisce ar fud an CMSA freisin. Is idir táirgeacht bheag agus táirgeacht mheasartha atá sa chuid is mó den táirgeacht. In **Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3C** den EIS, tugtar tuilleadh sonraí faoi dhoimhneacht na buncharraige cóngarach do gach bealach.

7.4.4.4 Baol Screamhuisce

- 56 Tá treoirlínte um léarscáiliú baol screamhuisce arna gcur i dtoll a chéile ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (mar a bhíodh), ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ag GSI. Tá sé ina chuspóir ag na treoirlínte sin na saintréithe intreacha geolaíocha agus hidrigeolaíocha a léiriú lena meastar a fhusa is féidir screamhuisce a éilliú ag gníomhaíochtaí daoine. Braitheann baol ar líon na n-ábhar salaithe ar féidir leo an screamhuisce a bhaint amach, ar an am a ghlacann uisce an maoschlár a bhaint amach agus ar chumas maolaithe na spruadar geolaíoch trína ngabhann an t-uisce.
- 57 Tugann treoirlínte um léarscáiliú baol na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, na Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an GSI lámh chúnta do shannadh rátálacha baoil ó 'fíorbhaol' go 'baol beag', ag brath ar chineál agus ar thiús na fo-ithreach. Ó thaobh suíomhanna ina bhfuil fo-ithreacha íseal-tréscailteachta, déantar na tiúis chreasa neamhsháithithe a leanas a shonrú i **dTábla 7.5**.

Tábla 7.5: Catagóirí Baol Screamhuisce

| Rátáil Baoil ²³ | Dálaí Hidrigeolaíocha | | | | |
|----------------------------|---|---|--|----------------------------------|-------------------|
| | Tréscailteacht (Cineál) agus Tiús Fo-ithreach | | | Crios Neamhsháithithe | Gnéithe Carstacha |
| | Ard-tréscailteacht (Gaineamh agus Leibhéal) | Meán-tréscailteacht (Fo-ithir Ghainmheacht) | Íseal-tréscailteacht (Fo-ithir Chréúil / Méin) | Uiscígh Ghainimh agus Ghairbhéil | ga <30 |
| Fíorbhaol | 0 – 3.0 m | 0 – 3.0 m | 0 – 3.0 m | 0 – 3.0 m | - |
| Mór | >3.0 m | 3.0 – 10.0 m | 3.0 – 5.0 m | > 3.0 m | Neamhb |

²³ Bunaithe ar Chóras Aicmiúcháin GSI.

| | | | | | |
|------------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------|
| Baol | Neamhbhainte | >10.0 m | 5.0 – 10.0 m | Neamhbhainte | Neamhb |
| Baol Beag | Neamhbhainte | Neamhbhainte | >10 m | Neamhbhainte | Neamhb |

Nótaí: Neamhbhainteach; Ní féidir luachanna beachta Tréscailteachta a lua faoi láthair; Síltear gur idir 1 m agus 2 m faoi dhromchla na talún é pointe scaoilte an éillithe. Is iad na príomhranganna baoil a áirítear 'mórbhaol' agus 'baol measartha'. Rangaítear gach fo-ithir ghainimh agus ghairbhéil mar 'mórbhaol'.

- 58 Is é fóirbhaol an príomhrang baoil. Feic Fíor 7.13 – Fíor 7.16, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS.

Tábla 7.6: Baol Screamhuisce feadh an Línebhealaigh

| Baol Screamhuisce²⁴ | Líon na dTúr | % na dTúr i ngach Catagóir Bhaoil |
|---|---------------------|--|
| Fíorbhaol agus carraigeacha ar an dromchla (<1 m) | 26 | 19.40% |
| Fíorbhaol | 47 | 35.07% |
| Mór | 15 | 11.19% |
| Measartha | 33 | 24.63% |
| Beag | 13 | 9.7% |
| IOMLÁN | 134 | 100 |

7.4.5 Limistéir a bhfuil Tábhacht Oidhreachta Geolaíche Leo

- 59 Cuireann an GSI breithmheas eolaíochta agus comhairle léiritheach ar fáil ar shuíomhanna geolaíochta agus geomoirfeolaíochta agus tá sé freagrach as suíomhanna tábhachtacha a shainiú ar féidir iad a chaomhnú mar Limistéir Oidhreachta Nádirtha (NHA). Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fíadúlra (NPWS) den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta freagrach as suíomhanna a ainmiú agus a bhainistiú, le comhairle chuí ón GSI.
- 60 Faoi láthair, tá liosta curtha i dtoll a chéile ag an GSI de shuíomhanna beartaithe le hainmniú mar Limistéir Oidhreachta Nádirtha (pNHAanna). Tá liosta tánaisteach deimhnithe chomh

²⁴ Bunaithe ar Shonraí GSI www.gsi.ie.

maith ag an GSI de Shuíomhanna Geolaíochta Contae (CGS), a bhféadfaí cosaint a dhéanamh orthu ar leibhéal smacht feidhme an údaráis áitiúil (i.e. d'fhéadfaí iad a chur sna pleananna forbartha contae).

- 61 Chuathas i gcomhaire leis an GSI mar chuid den phróiseas um roghnú bealaigh maidir le limistéir a bhféadfadh go mbeadh tábhacht gheolaíoch nó gheomoirfeolaíoch ag baint leo. De réir an GSI, tá trí shuíomh lena mbaineann spéis gheolaíochta a luíonn cóngarach don línebhealach. Tá siad go léir lonnaithe i gContae Mhuineacháin (feic **Tábla 7.7**). Feic Fíor 7.17 – Fíor 7.20, **Fíoracha Imleabhar 3D** den EIS.

Tábla 7.7: Limistéir Oidhreacht Geolaíche feadh an Línebhealaigh

| Ainm an tsuímh ²⁵ | Láthair | Fad ó Láthair Thúir | Téama IGH |
|------------------------------|--|--------------------------------------|---------------------------------|
| CGS Chnoc Charraig an Tí | Uimh. Thag. na hEangaí: 273400, 314800 | 2.35 km siar ón línebhealach | Téama Caimbriach-Siolúrach IGH4 |
| CGS na Léime Giorra, | Uimh. Thag. na hEangaí: 280400, 328100 | 60 m soir ó thuaidh ón línebhealach | Téama Mianreolaíochta IGH 6 |
| CGS an Easáin | Uimh. Thag. na hEangaí: 279100, 326100 | 0.15 km soir ó dheas ón línebhealach | Téama Mianreolaíochta IGH 6 |

- 62 **Cnoc Charraig an Tí** ag a bhfuil nochtadh sármhaith agus an nochtadh is fairsinge de cheirtleán aindéisíte Fhoirmíocht Charraig an Tí. Is é an suíomh an sampla nocht is fearr de bholcánachas na tréimhse Ordaivísí lárnaí / déanaí laistigh de Ghrúpa Scealla Moffat ó dheas ó Éasc Dhroichead Orlock in Éirinn. Tá an suíomh beartaithe le haghaidh sainiú mar CGS faoi Théama Caimbriach-Siolúrach Oidhreacht Geolaíochta na hÉireann (IGH) 4. Thart ar 2.35 km siar ó Thúr 154 atá an suíomh lonnaithe.
- 63 Léiríonn suíomh **na Léime Giorra** loig agus tollbhealach ag a bhfuil ainceirít/ sidirít fhorleata in airéinít nó i bhféitheacha, mar aon le grianchloch, gailéin, sfalairít agus bairít. D'fhéadfadh suíomh na Léime Giorra bheith ar an sampla is sorochtana de na mianaigh luaidhe sa réigiún seo, cé nach raibh sé an-táirgiúil riamh. Thángthas ar phireamoirfít agus vulfainít freisin, agus tá an suíomh seo ar cheann de líon beag ceantar ina bhfuil an mhianreolaíocht sin dá bharr. Tá an suíomh beartaithe le haghaidh sainiú mar CGS faoi Théama Mianreolaíochta IGH 6. Thart ar 60 m i dtreo an oirthuaiscirt ó Thúr 108 atá teorainn an tsuímh lonnaithe. Bunaithe ar an iniúchadh IGH ar shuíomhanna, ní theastaíonn aon sainiú le haghaidh an tsuímh mar gur drochchaomhnaithe atá gnéithe an mhianaigh agus mar nach mbaineann spéis dhóthanach leis

²⁵Bunaithe ar Shonraí GSI www.gsi.ie.

na gnéithe sin. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil vulfainít neamhchoitianta i láthair, is fiú stádas mar CGS a bhronnadh ar an Léim Ghearr.

- 64 Ba é **an tEasán** an mianach luaidhe ba mhó méid agus bhó mhó táirgiúlacht i ndúiche Mhuineacháin. Is cosúil gur cuireadh tús le táirgeacht go mall sna 1840í ach úsáid a bhaint as dhá lód ó thuaidh, siar ó thuaidh - ó dheas, soir ó dheas a tumadh i dtreo an oirthir. Ba é a bhí sa mhian ná gailéin airgeadmhar (PbS) agus sfalairít (ZnS) i mairís ghrianchloiche-chailcíte. Clúdaíonn féar an chuid is mó den suíomh, seachas carn mór dramhaíola soladaí a shonraíonn an teorainn thoir den suíomh ar chladach thiar Loch an Easáin. Tá an suíomh beartaithe le haghaidh sainiú mar CGS faoi Théama Mianreolaíochta IGH 6. Thart ar 170 m i dtreo an oirdheiscirt ó Thúr 117 atá teorainn an tsuímh lonnaithe.

7.4.6 Suíomhanna Mianadóireachta Reatha agus Stairiúla

- 65 Tá roinnt mianaigh stairiúla suite feadh an línebhealaigh i gContae Mhuineacháin. Baineann siad sin le roinnt fosuithe mianra mhiotalaigh atá lonnaithe i limistéar Mhuineacháin – Bhaile na Lorgan de Chontae Mhuineacháin a mhionsonraítear in *Historic Mine Sites – Inventory and Risk Classification (Suíomhanna Stairiúla Mianaigh – Fardal agus Rangú Rioscaí)* (2009) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar seo a leanas:

“Is fosuithe luaidhe iad an chuid is mó díobh cé go bhfuil ceann amháin leithleach in Éirinn toisc gur táirgeadh antamón go príomha. Oibríochtaí gearrthéarmacha a bhí sa chuid ba mhó díobh, a saothraíodh sa 19ú haois go príomha, agus ní raibh i gceist i roinnt eile ach deireadh á chur le hionchais tar éis taiscéalaíocht theoranta. Chruthaigh Morris (1984) an chéad athbhreithniú cuimsitheach ar na mianaí sa dúiche, lena n-áirítear cur síos ar shuíomhanna. Baineadh úsáid as an rud deireanach sin mar bhonn le suíomhanna a roghnú le haghaidh oibre faoi thionscadal HMS-IRC. Níor breithníodh ach na suíomhanna sin ag a bhfuil dramhaíl mhianaigh nó struchtúir mhianaigh a d’fhéadfadh bheith suntasach, eadhon Cluain Tiobrad, Cúil Artrach, Mianach Hope, an Léim Ghearr agus an tEasán. D’imigh an suíomh ag Cúil Artrach as radharc den chuid is mó le blianta beaga anuas tar éis cairéal oibrithe a leathnú. Cuimsíonn suíomh na Léime Giorra rianta na dtollbhealach agus fothracha an-mhothrach roinnt foirgneamh ach ní chuimsíonn sé aon dramhaíl mhianaigh lena mbaineann tábhacht”. [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 66 Níor tugadh aon mhianaigh mhóra eile faoi deara sa CMSA. Tá an mianach stairiúil is cóngaraí lonnaithe ag an Léim Ghearr (feic **Rannán 7.4.5**). Níl mianaigh ghníomhacha, chairéil ghníomhacha ná poill ghainimh agus ghairbhéil suite faoin ailíniú.

7.4.7 Talamh Éillithe

- 67 Rinneadh measúnú chun aimsiú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil talamh a d'fhéadfadh bheith éillithe ar fáil agus ar mhéid na talún éillithe sin, bunaithe ar fhoinsí, ar chonairí agus ar ghabhdóirí féideartha feadh an línebhealaigh a shainathint. Má tá na trí ghné go léir (foinse, conair agus gabhdóir) i láthair, beidh nascacht ábhar salaithe ann agus d'fhéadfadh an t-ábhar salaithe bheith ina riosca don ghabhdóir/do na gabhdóirí agus d'fhéadfaí a mheas gur suíomh éillithe é.
- 68 Sainithníodh go bhféadfadh talamh éillithe bheith i ngarchomharsanacht an ailínithe a bheartaítear i roinnt suíomhanna. Ní dhearnadh na suíomhanna sainaitheanta a imscrúdú go hiomlán agus, mar ar sainithníodh go bhféadfadh éilliú a bheith ann ach nár deimhníodh aon fhianaise ar éilliú iarbhír (amhail poill/cairéil a d'fhéadfadh bheith inlíonta nó gan bheith inlíonta), glacadh anailís “an cás is measa”. Rinneadh an measúnú ar an mbonn tuisceana gurb éillithe atá gach ceann de na suíomhanna mura bhfuil fianaise ar fáil lena sonraítear a mhalairt.
- 69 Úsáideadh an fad go dtí an túr is cóngaraí, mar nach mbeidh tionchar ag an líne lasnairde ar bhunstaid na talún. Ar bhonn réamhchúramach, rinneadh breithniú ar na suíomhanna sin atá laistigh de 200 m ón bhforbairt a bheartaítear; feic **Tábla 7.8**.

Tábla 7.8: Suíomhanna Talún Éillithe Féideartha laistigh de 200m ón Línebhealach Lasnaide a Bheartaítear

| Túr agus an Fhorbairt Ghaolmhar | Neasfhad (m) agus Neastreo ón Túr is Cóngaraí | Cur Síos |
|---------------------------------|---|---|
| 107 | 120 m soir ó dheas ó Thúr 107 | Talamh a tugadh chun míntíreachais (poll soláthair) – is féidir go mbaineann sé leis an Mianach Luaidhe as Úsáid (an Léim Ghearr) |
| 108 | 125 m soir ó thuaidh ó Thúr 108 | Mianach Luaidhe as Úsáid (an Léim Ghearr) agus an bonneagar gaolmhar |
| 117 | 170 m soir ó dheas ó Thúr 117. | Mianach Luaidhe as Úsáid (an tEasán) agus an bonneagar gaolmhar |
| 131 | 70 m siar ó thuaidh ó Thúr 131 | Talamh a tugadh chun míntíreachais (poll gairbhéil) |
| 153 | 120 m ó dheas ó Thúr 153 | Talamh a tugadh chun míntíreachais (poll gairbhéil) |
| 172 | 170 m siar ó Thúr 172 | Talamh a tugadh chun míntíreachais (poll soláthair) |
| 180 | Bonn Túir le haghaidh Thúr 180 | Talamh a tugadh chun míntíreachais (poll soláthair) |
| 182 | 120m siar agus siar ó dheas ó Thúr 182 | Talamh a tugadh chun míntíreachais (poll soláthair) |
| 140 | 200 m ó thuaidh ó Thúr 140 | Talamh iarnróid idir Béal Átha Beithe agus Baile na Lorgan (Mór-Iarnród an Tuaiscirt) |
| 199 | Bonn Túir le haghaidh Thúr 199 | Talamh a tugadh chun míntíreachais (cairéal) |
| 216 | 100m siar ó Thúr 216 | Talamh a tugadh chun míntíreachais (cairéal) |

(Foinse: Aerfhoinsí agus Léarscáileanna Stairiúla)

- 70 Rinneadh athbhreithniú ar shuíomhanna a bhféadfadh talamh éillithe a bheith iontu atá lonnaithe cóngarach do bhealach na forbartha a bheartaítear. Tá na hathbhreithnithe mionsonraithe bunaithe ar mheasúnú ar phleananna stairiúla na Suirbhéireachta Ordanáis ar na suíomhanna; ar ghrianghraif LiDAR (Brath agus Réimsiú Solais) agus ar aerghrianghraif de na suíomhanna go léir a liostaítear i d**Tábla 7.8** agus ar réamhshuirbhéanna ar shuíomhanna i mí Iúil / mí Lúnasa 2013 sa chás gur tugadh cead isteach.
- 71 Anuas ar shuíomhanna ar leith, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann féidearthacht ghinearálta truailithe le ceimiceáin talmhaíochta ar thalamh a úsáidtear i gcomhair talmhaíochta faoi láthair nó san am atá caite, agus le hábhar adhlactha a d'fhéadfadh bheith i bhformhór na n-áiteanna feadh na forbartha a bheartaítear.

7.4.7.1 Iar-Limistéir Mhianadóireachta – Túr 107, Túr 108 agus Túr 117

72 Tá Túr 107, Túr 108 agus Túr 117 suite láimh le mianaigh nach bhfuil i mbun oibre a thuilleadh atá cóngarach do theorainn Mhuineacháin / Ard Mhacha. Is fosuithe féithe forshuite iad na fosuithe miotail i nDúiche Mhuineacháin, a chuimsíonn luaidhe agus sinc de ghnáth ach a áiríonn freisin fosuithe antamóin-arsanaice-óir a mhionsonraítear in *The Metallic Mineral Deposits of the Lower Palaeozoic Longford-Down Inlier, in the Republic of Ireland* (Morris 1984). Is í gailéin (PbS) an tsuilfid is ceannasaí i bhfosuithe féith luaidhe, mar aon le sfalairít (ZnS), bairít (BaSO₄) agus calcaipirít (CuFeS₂). Is éard atá san fhéith óstach de ghnáth ná carbónáit iarntáirgeach. Is éard atá sna fosuithe antamóin-óir ná féitheacha mar aon le faighneoga iargúlta stibníte (SbS₂) i ngréabhaca athraithe aindéisíte a chuimsíonn pírit fhorleata (FeS₂) agus arsanaipirít óir (FeAsS₂) a mhionsonraítear in *The Metallic Mineral Deposits of the Lower Palaeozoic Longford-Down Inlier, in the Republic of Ireland* (Morris 1984). Íslíonn an chuid is mó d'fhéitheacha go géar agus claonann siad ó thuaidh, siar ó thuaidh mar a mhionsonraítear in *Historic Mine Sites – Inventory and Risk Classification (Suíomhanna Stairiúla Mianaigh – Fardal agus Rangú Rioscaí)* (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2009). Bhí formhór na suíomhanna mianadóireachta tréigthe faoi na 1900í. Sna léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis 25^o ó 1927, léirítear go bhfuil mianach luaidhe tréigthe suite breis agus 200 m ó thuaidh ó Thúr 108.

73 Léirítear sa léarscáil ithreach go bhfuil carraig ghardhromchla á folú ag meitidhríodar Shiolúracha/ Ordaiviseacha, ag seicheamh gréabhaca thiubh ag a bhfuil bandaí caola slinne agus ag láibchloch. De ghnáth, áirítear miotail throma, hidreacarbóin agus sulfáití le héilleáin a bhaineann le mianaigh. Cé go bhfuil nascachtaí sochreidte éillithe ann, tá na nascachtaí sin ann ó bhí na mianaí i mbun oibre sna 1900idí. Ó dúnadh na mianaigh, ní raibh aon fhoinsí breise ábhar salaithe agus tionchar ann. Más ann dóibh, bheadh siad teoranta d'ábhair shalaithe iarmharacha atá i láthair mar gheall ar oibriú na mianach. Thug an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi staidéar ar mhianaigh stairiúla idir 2006 agus 2009 ar na mianaigh stairiúla i Muineacháin, lena n-áirítear an Léim Ghearr, in *Historic Mine Sites – Inventory and Risk Classification (Suíomhanna Stairiúla Mianaigh – Fardal agus Rangú Rioscaí)* (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2009). Níor sainaithníodh aon chairn chárta ag suíomh na Léime Giorra le linn shampláil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

7.4.7.2 Iar-Iarnród – Túr 140

74 Tá Túr 140 lonnaithe gar do chlaifort iarnróid thréigthe a théann siar agus soir níos lú ná 200m lastuaidh den láthair thúir a bheartaítear. Sonraítear gur cothrom leis an topagrafaíocht máguaird atá an t-iarnród agus baineadh an t-iar-iarnród as an bpáirc ó shin i leith. Ba éard a bhí san iar-iarnród ná craobh as Mór-Iarnród an Tuaiscirt a d'fhreastail ar an limistéar idir Baile na Lorgan agus Béal Átha Beithe.

- 75 Léirítear sa léarscáil gheolaíoch go bhfuil sil-leagain dromchla a chuimsíonn till díorthaithe ó ghaineamhchloch agus sceallaí faoi bhun an tsuímh. Tá Meitidhríodair Ordaiviseacha / Shiolúracha faoi bhun na sil-leagan dromchla. Is é >3 m tiús na sil-leagan dromchla sa láthair sin (íogaireacht ard, tréscailteacht íseal) arna léarscáiliú ag an GSI.
- 76 Léirítear sa phlean 6" is luaithe do 1841 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis gur neamhfhorbartha a bhí an suíomh. Níor tógadh an t-iarnród go dtí an bhliain 1864. Léirítear sa léarscáil 25" de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis dar dháta 1927 gur forbraíodh an líne mar iarnród riain shingil. Díchoimisiúnaíodh an chuid in 1953.
- 77 De ghnáth, áirítear le hábhair shalaithe a bhaineann le línte iarnróid luaith (miotail throma), hidreacarbóin, créasóid ó chóireáil trasnán agus sulfáití ó bhallasta riain agus luibhicídí. Is luaineach atá an-chuid de na hábhair shalaithe a bhaineann le talamh iarnróid agus is dóchúil gur ghlaigh siad, agus tá na codáin níos troime, amhail miotail agus PAHanna (Hidreacarbóin Iltimthriallacha Aramatacha), séalaithe laistigh de bhealach an riain ag ábhar orgánach.
- 78 Cé go bhfuil nascachtaí sochreidte éillithe ann, tá na nascachtaí sin ann ó tógadh an t-iarnród sna 1860idí. Ó dúnadh na hiarnróid sna 1950idí agus sna 1960idí, ní raibh aon fhoinsí breise ábhar salaithe ann agus bheadh tionchar, más ann dó, teoranta d'ábhair shalaithe iarmharacha atá i láthair mar gheall ar oibriú an iarnróid. Is dóchúil gur aistrigh formhór na n-ábhar salaithe soghluaiste as an suíomh le 50 bliain anuas agus go bhfuil aon ábhair shalaithe iarmharacha i láthair i bhfoirmeacha doghluaiste. Dá réir sin, meastar nach dóchúil go mbaineann aon fhoinsí de mhórábhar salaithe iarmharach leis an iarlíne iarnróid ag fanacht ar an suíomh.
- 79 Beidh Túr 140 lonnaithe laisteas de na hiarlínte iarnróid agus ní chuirfear an iarlíne iarnróid san áireamh i lorg an túir.

7.4.7.3 Cairéil as Úsáid agus limistéir Thochailt Ithreach – Túir 131, 153, 172, 180, 182, 199 agus 216

- 80 Is cosúil gur beag atá na tochailtí ar tugadh fúthu le 20 bliain anuas lena n-úsáid i ngníomhaíochtaí tógála sa cheantar áitiúil. Is cosúil go bhfuil poill áitiúil agus teoranta ó thaobh méid fíor de (<0.5 acra) gan Túr 182 a áireamh. Tá na tochailtí a léirítear as úsáid de réir dealraimh agus, mar gheall ar an bhfad ó na láithreacha túir, meastar nach suaithfidh an fhorbairt a bheartaítear iad agus nach bhfuil siad ina riosca éillithe don fhorbairt a bheartaítear. Áirítear le foinsí féideartha ábhar salaithe diúscairt an fhuíollábhair a bhaineann le talmhaíocht sna tochailtí. Tháinig éilliú aníos in Éirinn i gcásanna inar aislíonadh tochailtí oscailte le fuíollábhair. Bunaithe ar na réamhshuirbhéanna suímh, níl aon fhianaise amhairc ar éilliú. Cheal tochailt na n-iarchairéal/ na n-iarpholl (foinse 'fhéideartha' aon éillithe) i gcomhair thógáil na dtúr, thángthas ar an gconclúid nach suaithfeadh na hoibreacha tógála aon éilliú féideartha agus nach n-athródh na hoibreacha staid na talún atá ann cheana. Toisc nach rachadh tógáil

an túir i bhfeidhm ar na tochairtí, meastar nach ndéanfar aon chonairí ábhar salaithe a shonrú mar chuid den fhorbairt a bheartaítear.

7.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

7.5.1 Déan Faic

81 Cuireann an rogha 'Déan Faic' síos ar an gcás nach dtéann forbairt ar bith amach. Faoi chás 'Déan Faic', ní thagann aon impleachtaí suntasacha aníos i leith ithreach, geolaíochta ná hidrigeolaíochta.

7.5.2 Céim na Tógála

82 B'ann do roinnt srianta i dtaobh rochtana ar shuíomh agus an EIS á chur i dtoll a chéile. Tugadh faoi mheastóireacht láidir, áfach, d'ainneoin na srianta sin, chun críche an EIS seo ar thionchar dóchúil suntasach uile ghné den fhorbairt a bheartaítear, maidir leis an líne agus na túir. Ba cheart an rannán seo a léamh i gcomhar le modheolaíocht na tógála mar a leagtar amach roimhe seo i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS. Beidh tionchar féideartha ag an bhforbairt a bheartaítear ar ithir, ar gheolaíocht agus ar hidrigeolaíocht an CMSA. Tionchar na n-oibreacha tógála ar chomhshaol an uisce dromchla maidir le rith chun srutha siolta, déantar é a mheas i **gCaibidil 8** den imleabhar seo den EIS.

83 Rinneadh suntasacht an tionchair fhéideartha a bhaineann le talamh éillithe a mheasúnú bunaithe go leathan ar threoirlínte in *Contaminated Land Risk Assessment, A Guide to Good Practice (Measúnú Riosca ar Thalamh Éillithe, Treoir don Dea-Chleachtas)* (CIRIA, 2011). Sainithníodh talamh a d'fhéadfadh bheith éillithe feadh na forbartha a bheartaítear. Níor sainithníodh aon mhór-riosca éillithe fhéideartha feadh an línebhealaigh, áfach. Na suíomhanna a bhféadfadh talamh éillithe a bheith iontu a sainithníodh feadh an línebhealaigh, níl siad ina mór-riosca éillithe ná ina srianadh maidir leis an bhforbairt a bheartaítear. Dá réir sin, thángthas ar an gconclúid nach suaithfeadh próiseas na tógála na suíomhanna a bhféadfadh talamh éillithe a bheith iontu atá cóngarach don fhorbairt a bheartaítear agus nach bhfuil na suíomhanna sin ina srianadh maidir leis an bhforbairt a bheartaítear. Má thagtar ar éilliú nach bhfuiltear ag súil leis, cuimseofar bearta maolaithe (feic **Rannán 7.6**).

84 Beidh tionchar ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear ar staid na talún agus ar na tosca geolaíochta trí úsáid a bhaint as bealaí rochtana sealadacha agus as tochairtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr. Beidh éagsúlacht i méid na dtóchairtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr, ag brath ar na tosca geolaíochta beachta ag gach túr. Is é 30 x 30 m mórthimpeall ar lorg bhonn an túir an t-achar a bheidh sa limistéar oibre chun túr 400 kV a thógáil, ach amháin i gcás Thúr 166 agus Thúr 168. Beartaítear go mbeidh limistéir oibre níos mó ann do Thúr 166 agus do Thúr 168 de bharr na dtóchairtí breise a bheidh ag teastáil chun

- an talamh in aice le láithreacha na bunsraithe a dhaingniú. Beartaítear go mbeidh leithead na limistéar oibre sin 41 m ar a laghad ag Túr 168 agus 34 m ar a laghad ag Túr 166. Mar a deirtear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS, is minic a bhíonn bunsraitheanna na dtúr idir 2 m agus 3.5 m ar doimhneacht chuig leibhéal inbhéarta na bunsraithe agus idir 2 x 2 mhéadar chearnacha agus 9 x 9 méadar chearnacha in achar pleán, ag brath ar an gcineál túir atá i gceist. Déanfar gach ceann de na ceithre choirnéal atá i stumpaí an túir (i.e. cuid íochtarach chosa an túir) a dhaingniú as féin faoin talamh i mbloc coincréite. Is é gnáthchleachtas BSL é poill na bunsraithe a léineáil le píopa coincréite mar chuid lárnach den bhunsraith. Déanfar thart ar 10,500 m³ d'ábhar a thochailt mar chuid den fhorbairt a bheartaítear sa CMSA.
- 85 Meastar nach mbeadh ach tionchar beag ag na hoibreacha tógála ar gheomoirfeolaíocht an limistéir mar nach n-athródh tógáil na dtúr agus an chlóis stórála ábhar na fánaí áitiúla agus an topagrafaíocht áitiúil go bunúsach.
- 86 Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir ina bhfuil sil-leagain locha, móin shlán agus móin réitithe a sheachaint nuair is féidir. Níor sainaithníodh móin shlán ag aon láthair thúir feadh an línebhealaigh. Seachnaíodh Portach an Chaisil agus portach eile atá slán/lena mbaineann luach ard éiceolaíochta. Dá réir sin, meastar nach mbeadh aon drochthionchar ag na tochailtí atá ag teastáil le haghaidh thógáil na bpríomhghnéithe den fhorbairt a bheartaítear (bunanna túir) ar an éiceachóras móna atá níos íogaire. Déantar móin réitithe a léarscáiliú ag seacht láthair thúir (Túr 104, Túr 105, Túr 119, Túr 120, Túr 122, Túr 163 agus Túr 187) agus tugadh an chuid is mó de na limistéir chun míntíreachais lena n-úsáid mar thalamh talmhaíochta. Sa chás neamhdhóchúil go mbeidh bunsraitheanna pílí ag teastáil ag na láithreacha sin, ní suntasach atá an tionchar féideartha ar ithir, gheolaíocht agus hidrigeolaíocht. Leagtar bearta maolaithe amach i **Rannán 7.6**.
- 87 Meastar gur fo-ithir agus carraig agus ithreacha arna dtochailt go nádúrtha a bheidh i gceist leis an gcuid is mó den ábhar tochailte. B'ionann farasbarr an ábhair thochailte ó thochailtí túir agus thart ar 10,500 m³. Más rud é go bhfuil an cás is measa á thoimhdiú, glacfar gach ábhar as an suíomh agus cuirfear é ag suíomh bainistiú dramhaíola atá ceadúnaithe / ceadaithe go cuí. Toisc go bhfuil sé réamh-mheasta go gcuimseofaí ithreacha neamhéillithe nádúrtha sna hábhair thochailte, ní bheadh aon srianta éillithe ar chumas na suíomhanna ceadúnaithe / ceadaithe bainistiú dramhaíola glacadh leis na hábhair. Beidh bearta maolaithe i bhfeidhm sa chás go dtagtar ar éilliú, faoi mar a leagtar amach i **Rannán 7.6**.
- 88 Meastar go mbaineann íogaireacht íseal le staid na talún cóngarach don fhorbairt a bheartaítear, ós rud é nach bhfuil aon Éiceachóras Talún atá Spleách ar Screamhuisce (GWDTE) lonnaithe cóngarach don líne. Bheadh tionchar ar staid reatha na talún teorannaithe leis na láithreacha túir. Meastar gur beag a bheadh méid an tionchair ag na láithreacha túir.

- 89 Beidh tionchar ar staid reatha na talún teorannaithe leis na láithreacha túir, na bealaí rochtana sealadacha, na láithreacha cumhdaigh agus na láithreacha sreangaithe. Meastar gur beag a bheadh méid an tionchair ag na láithreacha túir. Is éard a bheidh i gceist leis na rianta rochtana sealadacha painéil alúmanaim bhóthair nó mataí rubair. Beidh sú rianta rochtana sealadacha ag teastáil ag roinnt láithreacha túir. Féadann tionchar féideartha teacht aníos mar a dtrasnaíonn bealaí rochtana sealadacha limistéir ina bhfuil móin réitithe agus ithreacha gláracha. D'fhéadfadh tuairim is 19 rian rochtana shealadacha de chineál 2 (i.e. mataí rubair sealadacha nó painéil bhóthair alúmanaim shealadacha) bheith ag teastáil ar línebhealach an CMSA mar a dtrasnaíonn bealaí rochtana sealadacha móin réitithe, ithreacha locha nó ithreacha gláracha agus más dona atá dálaí aimsire (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS). Níl sé beartaithe bóithre cloiche ná trasnáin adhmaid a úsáid mar chuid den fhorbairt a bheartaítear. Leagtar amach na bearta maolaithe i **gCuid 7.6**.
- 90 Téann ailíniú an OHL thart cóngarach do dhá Shuíomh Gheolaíochta Contae (CGSanna) a bheartaítear, is iad sin, Mianach na Léime Giorra agus Mianach an Easáin. Ní théann an t-ailíniú trí na suíomhanna agus, dá bhrí sin, ní bheidh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear ar na suíomhanna sin. Tá an túr is cóngaraí suite timpeall 60 m ó CGS na Léime Giorra i bpáirc thalmhaíochta. An spéis gheolaíochta ag an suíomh is ea an nochtadh buncharraige, na tollbhealaí mianaigh agus na cairn charta. Mar sin féin, baineadh roinnt mhaith de na gnéithe le linn na gcéad bliain ina dhiaidh. Pléadh an tionchar féideartha leis an GSI agus moltar bearta maolaithe i **Rannán 7.6**. Níor sainithníodh aon tionchar suntasach le linn an chomhairliúcháin leis an GSI.
- 91 I rith chéim na tógála, d'fhéadfadh ardú teacht ar chreimeadh ithreach mar gheall ar thochailt na mbunsraitheanna le haghaidh na dtúr. De bhreis air sin, beidh gá le barrithir agus fo-ithir a bhaint agus carraigeacha a thochailt. Seans go mbainfidh báisteach agus rith chun srutha uisce dromchla siolta agus cré de bharr barrithir a bhaint. D'fhéadfadh sioltachán ar shruthchúrsaí in aice láimhe bheith ina thionchar féideartha agus ba cheart baint chúramach agus stóráil fho-ithreach a chur san áireamh. Úsáidfear aon bharrithir a bhaintear níos déanaí chun athghrádánú a dhéanamh. Déantar tionchar féideartha agus bearta maolaithe i ndáil le creimeadh ithreach a phlé i **Rannán 7.6** agus i **Rannán 7.7**.
- 92 Beidh gá le hathruithe ar struchtúir OHL tarchuir reatha ar líne 110 kV Lisdrum-Lú agus ar líne 110 kV Lú-Rathrussan, lena áirithiú go gcoinnítear na glanspásanna sábháilteachta leictreacha imleora idir an ciorcad 400 kV a bheartaítear agus na línte 110 kV reatha. Ní eascraíonn aon tionchar féideartha suntasach ó na hoibreacha tógála seo. Déantar bearta maolaithe i ndáil le creimeadh ithreach a phlé i **Rannán 7.7**.
- 93 Le linn chéim na tógála, beidh trucaílí, tochtóirí agus craein díosail i measc an innealra a bheidh ar an suíomh agus úsáidfear deiric nó craein shoghluaiste. D'fhéadfadh an tionchar

- féideartha ar fho-ithir agus ar gheolaíocht de bharr na forbartha a bheartaítear éirí as doirteadh breosla, ola agus tuaslagóra de thaisme, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chaighdeán na hithreach, na buncharraige agus an screamhuisce dá rithfeadh sé isteach sa talamh le linn na tógála.
- 94 Tá an cumas ag an bhforbairt a bheartaítear dochar a dhéanamh do shreabhadh an screamhuisce agus do cháilíocht an screamhuisce. Ba shealadach a bheadh gach tionchar a shonraítear ar feadh na tréimhse tógála. Áirítear leis an bpríomhthionchar féideartha: laghdú ar leibhéal an screamhuisce agus athrú ar shreabhadh an screamhuisce mar thoradh ar dhí-uisciú; meath cháilíocht an screamhuisce mar thoradh ar sholaid ar fuaidreamh agus doirteadh/sceitheadh ábhar salaithe (olaí agus ceimiceáin) le linn chéim na tógála agus na céime oibríche.
- 95 Tá an measúnú ar shuntasacht an tionchair fhéideartha ar screamhuisce bunaithe ar an gcur chuige 'foinse-conair-gabhdóir' agus cinntear é trí íogaireacht an ghabhdóra agus méid aon tionchair araon. Ar ghabhdóirí screamhuisce tá uiscigh lena mbaineann táirgiúlacht íseal, GWDTE agus tollphoill astarraingt uisce. Níl aon túr lonnaithe laistigh de 200 m de sholáthar uisce phoiblí ná laistigh de chosaint foinse istigh na scéimeanna um sholáthar screamhuisce phoiblí.
- 96 Beidh éagsúlacht idir 2 m agus 3.5 m go neasach ar doimhneacht idir na tochailtí túir, faoi réir staid bheacht na talún ag gach láthair thúir. D'fhéadfaí teacht ar screamhuisce i dtochailtí i limistéir ísle. Má thagtar trasna ar screamhuisce le linn na dtochailtí do bhunanna na dtúr, d'fhéadfadh gá bheith ann an t-insreabhadh a chaidéalú, agus dá bharr sin bheadh íostarraingt áitiúil ghearrthréimhseach ar an maoschlár agus doirteadh ar chainéil an uisce dhromchla.
- 97 Mar gheall ar an íostarraingt theoranta agus ar an bpumpáil theoranta atá ag teastáil, meastar nach ndéanfar aon tionchar suntasach ar leibhéal an screamhuisce a shonrú ach amháin gar don phointe astarraingthe. Beidh aon tionchar teoranta leis an tréimhse ghairid phumpála. Laghdaíonn an íostarraingt go heaspóntúil amuigh ón bpointe astarraingthe. Is cianda ó réadmhaoine atá formhór na láithreacha túir agus, dá bhrí sin, ní dóchúil go mbeadh tionchar ag dí-uisciú na dtochailtí ar na toibreacha agus na tollphoill atá ann cheana mar go suitear iad sin de ghnáth cóngarach do réadmhaoine an úsáideora. Mar sin féin, cloífead le cur chuige réamhchúramach sa chás go dtagtar ar screamhuisce le linn tochailtí. Déanfar an gá le dí-uisciú d'fhonn boinn na dtúr a thógáil a dheimhniú ag céim na tógála. Sa chás go sainaithear screamhuisce i dtochailtí laistigh de 100 m ó thithe, déanfar monatóireacht agus measúnú ar leibhéal an screamhuisce agus an uisce.
- 98 Is féidir go mbeidh solaid ar fuaidreamh agus ábhair shalaithe san uisce a phumpáiltear ó na tochailtí. Cheal aon chóireála, d'fhéadfadh diúscairt an uisce sin chuig an talamh nó chuig an

gcóras uisce dromchla a bheith ina cúis le meath cháilíocht uisce an chórais ghlactha. Leagtar bearta maolaithe amach i **Rannán 7.6**.

- 99 D'fhéadfadh baol truaillithe ithreach agus screamhuisce a bheith ann ó thrácht an tsuímh de bharr sceitheadh ola, breosla agus ábhar salaithe eile ó fheithiclí de thaisme. Leagtar bearta maolaithe amach i **Rannán 7.6**.
- 100 Rinneadh suntasacht an tionchair fhéideartha a bhaineann le talamh éillithe a mheasúnú bunaithe ar threoirlínte in *Contaminated Land Risk Assessment, A Guide to Good Practice (Measúnú Riosca ar Thalamh Éillithe, Treoir don Dea-Chleachtas) (CIRIA, 2011)*. Níor sainithníodh aon mhór-riosca féideartha éillithe ag an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála a bheartaítear, bunaithe ar bhreathnuithe suímh agus ar shampláil ithreach.

7.5.2.1 Clós Stórála le haghaidh Ábhar Tógála

- 101 Beidh tionchar ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear ar staid na talún agus ar na tosca geolaíochta trí úsáid a bhaint as clós stórála le haghaidh ábhar tógála. Ní bheartaítear ach miontochailtí ag an suíomh, áfach. Meastar go mbeadh tionchar beag ag na hoibreacha tógála ar gheomoirfeolaíocht an limistéir mar nach n-athródh an clós stórála le haghaidh ábhar tógála na fánaí áitiúla agus an topagrafaíocht áitiúil go bunúsach. Athraíodh an suíomh go fairsing mar chuid de sheachbhealach an N2. Cé gur sonraíodh turlach féideartha cóngarach don suíomh (Sheedy-Skeffington et al, 1996), níor tugadh aon fhianaise ar thurlach faoi deara ag an suíomh nó sa limistéar máguaird i mí Eanáir 2014 nó le linn *Wetland Survey County Monaghan (Suirbhé ar Bhogaigh Chontae Mhuineacháin) (Foss & Crushell, 2011)*. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur athraíodh an limistéar ísealtalún ar fad i dtreo an oirthir chun spás a chur ar fáil do sheachbhealach an N2.
- 102 Le linn chéim na tógála, beidh trucaillí, tochtaltóirí agus craein díosail i measc an innealra a bheidh ar an suíomh. D'fhéadfadh an tionchar féideartha ar fho-ithir agus ar gheolaíocht de bharr na forbartha a bheartaítear éirí as doirteadh breosla agus ola de thaisme, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chaighdeán na hithreach, na buncharraige agus an screamhuisce dá rithfeadh sé isteach sa talamh le linn na tógála. Tá an clós stórála le haghaidh ábhar tógála a bheartaítear lonnaithe laistigh d'Uiscíoch Carstach lena mbaineann Tábhacht Réigiúnach. Mar sin féin, foluionn fo-ithir dhomhain agus talamh réitithe an suíomh agus níl sé ina riosca suntasach don screamhuisce. Moltar bearta maolaithe i **Rannán 7.6**.
- 103 I rith chéim na tógála, d'fhéadfadh ardú teacht ar chreimeadh ithreach mar gheall ar an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála. D'fhéadfadh go mbeadh sioltachán sruthchúrsaí in aice láimhe ann dá bharr, agus déanfar cur i gcrích ar fho-ithir a bhaint agus a stóráil go cúramach chun maolú ina aghaidh sin. Úsáidfeadh bharrithir níos déanaí chun athghrádánú a dhéanamh.

7.5.3 An Chéim Oibríoch

- 104 De dheasca chineál na forbartha a bheartaítear, beidh innealra ar an suíomh ó am go ham. D'fhéadfadh astuithe éirí de thaisme dá bharr, i bhfoirm ligean ola, peitрил, nó díosail. D'fhéadfadh sé a bheith ina ábhar éillithe má théann sé isteach san ithir nó sa bhuncharraig.
- 105 Níl sé beartaithe fuíolluisce a scaoileadh go screamhuisce agus, dá bhrí sin, ní thagann tionchar féideartha aníos.

7.5.4 Díchoimisiúnú

- 106 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchar níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

7.6 BEARTA MAOLAITHE

- 107 Agus bealach na forbartha a bheartaítear á aithint, úsáideadh bearta chun tionchar a sheachaint.

7.6.1 Céim na Tógála

- 108 Áirítear le bearta chun tionchar na forbartha a bheartaítear ar gheolaíocht áitiúil a laghdú an oiread agus is féidir athúsáid ábhair ar an suíomh agus ábhar breise a fháil ó fhoinsí áitiúla. Sheachain suí na dtúr limistéir mhóna atá slán, agus dá bhrí sin ní bheidh aon tionchar ar hidreolaíocht na mbalc móna i gcóngarach an ailínithe.
- 109 Tá sé beartaithe maolú a dhéanamh ar an tionchar féideartha ar CGS na Léime Giorra, atá lonnaithe thart ar 60 m ón túr is gaire. Tiocfar ar ithreacha agus ar bhuncharraig le linn oibreacha ag iniúchadh an tsuímh / thógáil na dtúr. Chuathas i gcomhairle leis an GSI ag gach céim den iarratas. Tá na bearta maolaithe seo a leanas i gceist:
- Leanúint le comhairliúchán leis an GSI;
 - Tochailt a theorannú trí thochailt a dhéanamh ar an lorg atá riachtanach amháin;
 - Fanacht fad cúí amach ó CGS na Léime Giorra; agus

- Cuirfear GSI ar an eolas maidir le haon chuid/ghné nua shuntasach a nochtar laistigh de lorg an túir.
- 110 Déanfaidh conraitheoirí cuí gach dramhaíl tógála a stóráil, a bhainistiú, a bhogadh, a athúsáid nó a dhiúscairt ar bhealach cuí de réir an *Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996 (arna leasú)* (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS). Déanfar farasbarr ithreacha / fo-ithreacha a dhiúscairt ag áiseanna ceadúnaithe / ceadaithe um bainistiú dramhaíola. Déanfar farasbarr cruach a dhiúscairt / a aisghabháil as an suíomh ag suíomh ceadúnaithe diúscairt dramhaíola. Beidh na ceadanna agus na cáipéisí riachtanacha dramhaíola ag teastáil le haghaidh gach ábhair dhramhaíola mar chuid den chlár tógála agus den CEMP. Cuireadh srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) san áireamh in **Aguisín 7.1, Imleabhar 3B** den EIS, agus tá sé ina chuid de na cáipéisí iarratais. Cuirtear gach beart maolaithe ábhartha atá leagtha amach san EIS san áireamh sa srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála agus cuirfear san áireamh iad sa CEMP deiridh.
- 111 Stórálfar ithir agus fo-ithir thochailte cóngarach don limistéar tochailte. Déanfar ábhar tochailte a athúsáid in situ nuair is féidir. De ghnáth, déanfar 34 m³ d'fharasbarr ithreach/carraige a thochailt ag gach láthair thúir idirmheánach agus déanfar thart ar 230 m³ d'fharasbarr ithreach/carraige a thochailt ó thúir uillinne. Sa chás nach bhfuil aon ábhar ann atá oiriúnach dá athúsáid ag úinéirí talún nó nár mhaith le húinéirí talún é a athúsáid, déanfar fo-ithir a dhiúscairt ag saoráid cheadúnaithe / cheadaithe de réir na *nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola*, agus na rialachán a ghabhann leo. Sa chás go gcoinnítear fo-ithir, tá measúnú arna dhéanamh ag an éiceolaí ar an suíomh ag teastáil chun tionchar féideartha éiceolaíochta a íoslaghdú. De ghnáth, athúsáideann úinéirí talún an fho-ithir. Mar sin féin, agus an cás is measa á thiomhdiú, déanfar farasbarr ábhair a dhiúscairt ag saoráid cheadúnaithe / cheadaithe. Tugtar tuilleadh sonraí in **Aguisín 7.2, Aguisíní Imleabhar 3C** den EIS faoi na saoráidí a measadh.
- 112 Déanfar measúnú amhairc ar gach ábhar a thochlófar le haghaidh truailliú, amhail smálú nó drochbholaíthe. Sa chás go dtabharfar smálú nó drochbholadh ar bith faoi deara, déanfar anailís ar shamplaí na hithreach sin le haghaidh ábhar salaithe le cinntiú nár truaillíodh an ithir roimhe. Má dhearbhaítear gurb éillithe atá aon chuid den ithir thochailte, déanfar í a dhiúscairt de bhun fhorálacha na *nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola* agus na rialachán a ghabhann leo. Mar a luadh thuas, dhéanfaí aon ábhar éillithe a dtiocfaí air a dhiúscairt ag áis cheadúnaithe de réir na *nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola* agus na rialachán a ghabhann leo.
- 113 Chun aon tionchar féideartha ar an tsraith fodhromchla ó aon doirteadh ábhar a laghdú an oiread agus is féidir, stórálfar gach ola agus breosla a úsáidtear le linn na tógála ar dhromchla bundaithe sealadach dílsithe (i.e. dromchla plaisteach bundaithe cuimsitheach). Bogfar iad sin go dtí suíomh gach túir de réir mar a théann an tógáil ar aghaidh. Beidh athbhreoslú feithiclí tógála agus cur olaí hiodrálacha nó bealaí ar fheithiclí ar bun ar shiúl ó chlasáin nó ó

dhraenacha uisce dromchla. Ní cheadófar aon athbhreoslú laistigh de 50m de shruth nó d'abhainn. Stórálfar trealamh doirte agus pacáí ionsúiteacha hidreacarbóin sa limistéar agus cuirfear oiliúint ar oibrithe chun an trealamh sin a úsáid i gceart.

114 Má dhéantar cleachtais oibre a smachtú, mar shampla, trí thógáil talún a íoslaghdú, trí athláimhseáil ithreacha a sheachaint, trí ghluaiseachtaí feithiclí easbhóthair a íoslaghdú agus trí mhéid stoc-charn a laghdú, laghdófar balcadh agus creimeadh ábhar. Nuair a bheidh na hoibreacha ar fad críochnaithe, aischuirfear an bealach rochtana agus na limistéir tógála mórthimpeall na dtúr ar cuireadh isteach orthu nuair a bhí na bunsraitheanna túir á suiteáil agus na túir á dtógáil. Meastar gur dóchúil gur beag agus de chineál gearrthéarmach a bheidh aon tionchar.

115 Déanfar cothabháil sheachtainiúil agus seiceáil laethúil ar aon fheithiclí a úsáidfear le linn na céime oibríche chun a chinntiú go gceartófar aon damáiste nó aon ligean. Tá an tionchar féideartha teoranta de bharr mhéid umar breosla an ghléasra / na bhfeithiclí is mó a úsáidfear ar an suíomh. Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint. Áirítear orthu sin:

- Úsáid a bhaint as coimeád tánaisteach, e.g. bundaí timpeall umair stórála ola;
- Úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste;
- Maoirseacht a dhéanamh ar gach seachadadh agus ar ghníomhaíochtaí athbhreoslaithe; agus
- Limistéir neamh-thréscaoilteacha ar leith le haghaidh athbhreoslú atá ar shiúl ó dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid.

116 Is cianda ó áiteanna cónaithe atá formhór na láithreacha túir agus, dá bhrí sin, ní dóchúil go mbeadh tionchar ag dí-uisciú gearrthéarmach na dtochtaití ar na thoibreacha agus na tollphoill atá ann. Sa chás go bhfuil sé riachtanach dí-uisciú a dhéanamh chun na bunsraitheanna túir a thógáil cóngarach do thoibreacha, déanfar monatóireacht ar thoibreacha atá lonnaithe laistigh de 100 m de láthair na dtúr.

117 Is féidir go mbeidh solaid ar fuaidreamh san uisce a phumpáiltear ó na tochtaití. Bainfear úsáid as gnáthmhodhanna dí-uisciúcháin, lena n-áirítear teilgirí, tobarphointí nó caidél intumtha. Is féidir go mbeidh síothlú ag teastáil chun laghdú a dhéanamh ar thiúchan na solad ar fuaidreamh ar mhaithe le cáilíocht an chórais uisce ghlaicta a chosaint. Déanfar síothlú trí ghnáthchóras scagacháin uisce chun laghdú a dhéanamh ar an méid dríodair atá sa screamhuisce a ritheann chun srutha. Ní cheadófar scaoileadh díreach chuig sruthanna ná chuig aibhneacha.

118 Na bearta maolaithe a leagtar amach maidir le hithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht, déanfar iad a chur chun feidhme mar chuid den CEMP. Cuimseofar sa phlean sin na bearta maolaithe a leagtar amach san EIS, mar aon le haon bhearta eile a mheastar a bheith riachtanach, agus tabharfar mionsonraí ann faoin gcleachtas tógála a bheartaítear le haghaidh na forbartha a bheartaítear (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS). Is féidir CEMP imlíneach a aimsiú in Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.

7.7 TIONCHAR IARMHARACH

119 Mar gheall ar nádúr na forbartha, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha geolaíoch is mó (lena n-áirítear ithir, fo-ithir agus buncharraig) a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear. Meastar gur diomaibhseach agus gearrthéarmach a bheidh an tionchar geolaíoch a bhaineann le céim thógála na forbartha.

120 Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol geolaíoch nó hidrigeolaíoch áitiúil. Cinnteofar, trí na bearta maolaithe a sainathnódh a chur i bhfeidhm maidir leis an tionchar tuartha ar ithreacha, ar gheolaíocht agus ar hidrigeolaíocht, nach mbeidh ach tionchar iarmharach diomaibhseach i gceist.

7.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOL

121 Tá baol idirghaolta ann i gcás na n-ábhar comhshaoil ‘uisce’ agus ‘flóra agus fána’. Tá idirghaolmhaireacht thábhachtach ag ithreacha, ag geolaíocht agus ag hidrigeolaíocht leis an gcomhshaol uisce agus éiceolaíochta ar na bealaí seo a leanas: mar dheitéarmanant do cheimic uisce; sreabhréisímí abhann; cumas stórála uisce agus láthair sruthchúrsa. Tá tionchar aige ar cháilíocht an uisce freisin i dtaca le cumas buncharraige agus sil-leagan dromchla truailleáin féideartha a scagadh. D’fhéadfadh tionchar féideartha éiceolaíochta teacht aníos trí mhíláimhseáil ithreacha nó trí shil-leagan ithreacha tochailte i limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de. Sainathnódh an tionchar féideartha sin i **Rannán 7.5** agus moladh bearta maolaithe i **Rannán 7.6**.

122 Rinneadh measúnú bunaithe ar fhoinsí, ar chonairí agus ar ghabhdóirí féideartha feadh an línebhealaigh a shainathint. Má tá na trí ghné go léir (foinse, conair agus gabhdóir) i láthair, beidh nascacht ann agus beidh tionchar féideartha ar an ngabhdóir/ar na gabhdóirí. Maidir leis an uisce dromchla agus an éiceolaíocht, níl aon cSACanna ná éiceachórais talún atá spleách ar screamhuisce (GWDTE) cóngarach don línebhealach.

123 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le **Caibidil 6** agus **Caibidil 8** den imleabhar seo den EIS agus le Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS.

7.9 CONCLÚIDÍ

- 124 Tá an fho-ithir faoin ailíniú comhdhéanta den chuid is mó de shil-leagain tille neamhshórtáilte agus tá dornán dríodair bhoga lena n-áirítear sil-leagain mhóna agus ghláracha feadh an ailínithe a bheartaítear freisin. Beidh tionchar ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear ar an ngeolaíocht trí úsáid bealaí rochtana sealadacha agus trí thochailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr agus an fhostáisiúin.
- 125 Mar gheall ar nádúr fhorbairt na líne tarchuir, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha geolaíoch is mó (lena n-áirítear ithir, fo-ithir agus buncharraig) a bhaineann leis an bhforbairt. Le linn na tógála, d'fhéadfadh an tionchar féideartha ar fho-ithir agus ar gheolaíocht de bharr na n-oibreacha a bheartaítear éirí as doirteadh breosla de thaisme, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chaighdeán na hithreach, na buncharraige agus an screamhuisce dá rithfeadh sé isteach sa talamh. Mar atá leagtha amach i Rannán 7.7, cinnteofar, trí na bearta maolaithe a sainaitníodh a chur i bhfeidhm maidir leis an tionchar tuartha ar ithreacha, ar gheolaíocht agus ar hidrigeolaíocht, nach mbeidh ach tionchar iarmharach diomaibhseach i gceist.
- 126 Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir n-aithnítear go bhfuil sil-leagain locha, móin shlán agus móin réitithe iontu a sheachaint nuair is féidir. Níor sainaitníodh móin shlán ag aon láthair thúir feadh an línebhealaigh, lena n-áirítear Portach an Chaisil. Dá réir sin, meastar nach mbeidh aon drochthionchar ag na tochailtí atá ag teastáil le haghaidh thógáil na bpríomhghnéithe den fhorbairt a bheartaítear ar an éiceachóras móna atá níos íogaire.
- 127 Níl coinne le haon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol geolaíoch nó hidrigeolaíoch mar gheall ar chéim na tógála ná ar an gcéim oibríoch den fhorbairt a bheartaítear.
- 128 Táthar ag tuar gur fadtéarmach agus diomaibhseach a bheidh an tionchar ar ithreacha agus ar gheolaíocht.